# Ag Dearadh agus Ag Déanamh - Iompróir Bréagán

**An Dúshlán**

***Caithfidh tú Iompróir Bréagan a dhéanamh chun an bréagán is ansa leat a stóráil agus a chosaint. B'fhéidir go mbeidh sé seo ag teastáil i gcomhair bogadh tí, le dul chuig teach do chara, le dul ar laethanta saoire, le dul chuig an bpáirc spraoi nó chun an bréagán a chosaint ó do dheartháir/deirfiúir/peata prislíneach!***


*Ba cheart go mbeadh critéir ratha mar chuid do gach gníomhaíocht dearadh agus déanamh. Ba cheart go mbeadh siad cumtha leis na daltaí agus curtha ar fáil dóibh, mar phointe tagartha agus iad ag dearadh agus ag déanamh.*



**Critéir Molta**:
- Méid ar leith.
- Ábhair ar leith.
- Cuideanna nó urrann ar leith.
- Caithfidh sé a bheith in ann titim as airde 1 mhéader a sheasamh.
- Uiscedhíonach

**Achair ama:**
- Tabhair achair ama do dhaltaí chun an tionscadal a dhéanamh. Cabhraíonn sé le scileanna féinbhainistíochta a fhorbairt i rith foghlaim neamhspleách.

**Leathnú**
- Úsáid buiséad. Iarr ar dhaltaí buiséadú a dhéanamh don chostas iomlán.
- Úsáid ábhair ón dúlra (mar shampla duilleoga, maidí, clocha).
- Usáid ábhair in-athchúrsailte.
- Úsáid teicneolaíocht dhigiteach mar shample Sketch Up chun dearadh 3T a chruthú.
- Drámaíocht: Cruthaigh fógra don teilifís/raidió chun an iompróir bréagán a chur chun cinn.
- Scríobh/Drámaíocht: Scéal/Cuntas a scríobh ar an "An t-iompróir bréagán atá ar iarraidh.




**Tacú/Leagan níos simplí**
- Úsáid dath/cruth/patrúin ar an iompróir bréagán.
- Úsáid dhá chruth éagsúil ins an dearadh.
- An féidir an t-iompróir bréagán a chur ar snámh?

**Acmhainní:**

Is áis iontach é an suíomh 'The Little Inventors'. Tá samplaí ann do smaointí agus saothar daltaí do gach aois agus ó gach tír.
D'fheadfaí iad seo a úsáid mar spreagadh. Tá a lán acmhainní saor in aisce ann agus dúshláin a d'fheadfaí a úsáid ar scoil nó sa bhaile https://www.littleinventors.org/